

Scéim Feabhsúcháin do Choisithe ar Bhóthar San Maighréad /Ascaill Mhic Aodha

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ
5 Lúnasa - 1 Meán Fómhair



Molann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), sábháilteacht agus inrochtaineacht coisithe a fheabhsú ag Bóthar San Maighréad/Ascaill Mhic Aodha trí thrasbhealaí nua comharthaíochta do choisithe a shuiteáil ar an ngéag thiar theas (Bóthar San Maighréad) agus an ghéag thoir theas (Ascaill Mhic Aodha) den timpeallán. Méadóidh sé seo an tsábháilteacht do choisithe agus d'úsáideoirí leochaileacha bóithre, agus feabhsóidh sé rochtain ar na stadanna bus ar Ascaill Mhic Aodha agus ar Bhóthar San Maighréad.

Tá an t-acomhal seo mar chuid de Líonra Taistil Ghníomhaigh Bhaile Átha Cliath, atá 314 ciliméadar ar fhad.

AMLÍNE



R3 2025

Comhairliúchán
Poiblí

R4 2025

Dearadh agus Soláthar
Mionsonraithe

R1 2026

Tús na
Tógála



Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



Íomhá: Tuairim an ealaíontóra ar an saothar atá beartaithe


CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Táimid ag lorg rannpháirtíocht phoiblí i dtograí reatha na scéime. Más mian leat tuilleadh eolais a fheiceáil nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an scéim seo, féach ar na roghanna thíos le do thoil:



engage.dublincity.ie

(Scan mé)



activetraveloffice@dublincity.ie le hábhar: Scéim Feabhsúcháin do Choisithe ar Bhóthar San Maighréad/Ascaill Mhic Aodha



Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH



Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh: 01 222 2536



Le haghaidh nuashonruithe faoin scéim amach anseo, is féidir leat síntiús a íoc le Foláirimh CCBÁC: alerts.dublincity.ie/activetravel-public

Is féidir líníochtaí dearaidh a fheiceáil le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Lárionad Cathrach Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilfosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11 Co. Bhaile Átha Cliath 11 YP68

CÉARD É AN CHÉAD RUD EILE?

Nuair a chuirfear deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí le haghaidh tuairimí, déanfar na freagraí a mheas agus déanfar tuilleadh forbartha ar na dearaí roimh an tógáil. Cuirfear eolas nua ar fáil le linn sheachadadh na scéime. Déanfar an leathanach gréasáin a nuashonrú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.